
# Aisling Ghaeltachta: Ceacht 2 (0:40- 1:57)




Réamhobair

**Pléigh na ceisteanna seo le do chara roimh bhreathnú ar an mír**

- Cad a dhéanann tú tar éis scoile gach lá?
  - Téim díreach abhaile ☐
  - Téim amach le mo chairde☐
  - Déanaim spórt/ceol/damhsa☐
  - Fanaim siar ag staidéar☐

- Cén rud is fearr leat a dhéanamh le do chairde?
  - Is breá liom dul ag siopadóireacht☐
  - Is aoibhinn liom spórt a imirt☐
  - Taitníonn sé liom dul go dtí an phictiúrlann☐
  - Is maith liom béile a ithe le chéile amuigh☐

- An dtugann tú fón póca ar scoil leat?
  - Tugaim☐
  - Ní thugaim☐
  - Tugaim ach ní úsáidim ar scoil é☐
  - Tugaim agus úsáidim ag am lóin é☐



**Anois, féach ar an mír go dtí 1:57 agus líon isteach an freagra ceart:**

| | |
|---|---|
| Tá Aisling agus a cairde... | a. sa choill<br>b. sa pháirc<br>c. ar scoil |
| Tá an ____________ leo. | a. geimhreadh<br>b. samhradh<br>c. fomhar |
| Tá na cailíní eile ag spraoi ar na ______ | a. ríomhairí<br>b. fóin<br>c. lúscáin |
| Cad a dúirt Colm faoin nGaeltacht? | a. bhí craic aige ann<br>b. níor bhain sé sult as<br>c. cheap sé go raibh sé ródheacair |
| Cén rud ab fhearr le hAisling sa Ghaeltacht? | a. céilí<br>b. bia<br>c. trá |

**Léigh an téacs seo ó mháthair Cholm agus críochnaigh na habairtí leis na focail chearta?**

nóiméad duit anseo charr peile Cholm

Haigh a _______. Mam ________. Táim ar mo bhealach go dtí an choill sa ______ Caithfidh mé thú a bhailiú le dul chuig an traenáil _______. Buail liom ag an ngeata sa charrclós i gceann deich _______. Tá ceapairí agam ______. Mam.

**Ag labhairt leis an duine in aice leat, an féidir leat cur síos a dhéanamh ó bhéal ar chuma fhisiciúil Aisling?**

Tá ________uirthi
(gruaig/cóta/carbhat/léine/mála)
Mála dubh, gruaig dhonn, cóta bándearg/geansaí gorm
Tá súile__________aici
Cóta dubh teolaí
Carbhat
Geansaí liath



**Anois, ag labhairt leis an duine in aice leat, an féidir leat cur síos ó bhéal a dhéanamh ar chuma Choilm?**



**Anois, féach ar na ceithre phictiúr seo agus meaitseáil an duine leis an gcur síos**

A) Hóra! Is mise Cáit. Táim sa rang céanna le hAisling agus Naoise. Is aoibhinn liom a bheith ag siopadóireacht agus tá post agam ag tabhairt aire do pháistí chun airgead a dhéanamh.

B) Haigh! Is mise Máthair Choilm. Bím an-ghnóthach ag tiomáint mo pháistí go peil agus snámh. Is dochtúir mé agus oibrím san oíche.

C) Bail ó Dhia oraibh! Is mise an Máistir Ó Ceallaigh. Is múinteoir Gaeilge mé agus múinim rang Aisling agus Naoise. Is daltaí iontacha iad.

D) Dia daoibh. Cad é mar atá sibh go léir? Pól is ainm dom. Táim ceithre bliana deag d'aois. Táim sa dara bliain ar scoil. D'fhreastail mé ar chúrsa Gaeltachta anuraidh agus thaitin sé go mór liom. Is dlúthchara Choilm mé.






| PICTIÚR 1 | PICTIÚR 2 | PICTIÚR 3 | PICTIÚR 4 |
| --- | --- | --- | --- |
| | | | |